Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13296/1/25**
**REV 1**

**SOC 627**
**EMPL 413**
**ECOFIN 1254**
**EDUC 364**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta bunaithe ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht na Fostaíochta agus an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta (2025) - Formhuiniú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta (EMCO) bunaithe ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht na Fostaíochta, 2025, agus ar an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta, 2025, mar a chuir an Coiste Fostaíochta bailchríoch orthu an 25 Meán Fómhair 2025, d’fhonn go bhformhuineoidh an Chomhairle iad an 17 Deireadh Fómhair 2025.

Féadfar an Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht na Fostaíochta a fháil ina hiomláine in 13296/25 ADD 1.

Féadfar an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta a fháil in 13296/25 ADD 2.

**IARSCRÍBHINN**

**Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta bunaithe ar Thuarascáil Bhliantúil 2025 ar Fheidhmíocht na Fostaíochta agus ar an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta**

1. I gcomhréir lena shainordú de réir Airteagal 150 CFAE, tá athbhreithniú bliantúil déanta ag an gCoiste Fostaíochta (EMCO) ar staid na fostaíochta san Aontas don Chomhairle. Cuireann an t-athbhreithniú le Monatóir 2025 ar Fheidhmíocht na Fostaíochta[1] a dhéanann monatóireacht ar an dul chun cinn i dtreo príomhspriocanna an Aontais agus spriocanna náisiúnta le haghaidh 2030 maidir le fostaíocht agus foghlaim aosach agus a shainaithníonn na príomhdhúshláin fostaíochta agus torthaí maithe i margadh an tsaothair ar an gcéad amharc ar fud an Aontais agus i ngach Ballstát.

2. Déantar achoimre ar phríomhthorthaí an Mhonatóra ar Fheidhmíocht na Fostaíochta don bhliain seo, a comhaontaíodh i nGrúpa Táscairí an Choiste Fostaíochta i mí Bealtaine, i dTuarascáil Bhliantúil 2025 ar Fheidhmíocht na Fostaíochta. Comhlánaíonn siad sin conclúidí fhaireachas iltaobhach EMCO ar chur chun feidhme na Moltaí Tírshonracha ón gComhairle agus Moltaí eile ón gComhairle atá ábhartha do shainordú an Choiste faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh, lena n-áirítear na conclúidí Athbhreithnithe 2025 EMCO-SPC ar chóineasú sóisialta ar bhonn na hanailíse ar chóineasú sóisialta aníos a rinne an Coimisiún i gcomhréir leis an gCreat maidir le Cóineasú Sóisialta (CCS)[2].

---

[1] Cuireann an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta le torthaí an Chomhchreata Measúnúcháin. Is uirlis measúnaithe táscairebhunaithe é an Comhchreat Measúnúcháin a d'fhorbair an EMCO, an Coiste um Chosaint Shóisialta (SPC) agus an Coimisiún Eorpach go comhpháirteach, lena gcumhdaítear réimsí ginearálta agus sonracha beartais faoi na Treoirlínte Fostaíochta, agus arb é is aidhm dó príomhdhúshláin agus torthaí maithe i margadh an tsaothair a shainaithint sna réimsí sin agus tacú leis na Ballstáit a dtosaíochtaí a leagan síos.

[2] Féach Tuarascáil Chomhpháirteach 2025 ar Fhostaíocht le haghaidh anailís chéadchéime CCS agus Doiciméad Inmheánach Oibre an Choimisiúin an 11 Aibreán le haghaidh na hanailíse dara céim maidir le CCS. Rinne EMCO agus an Coiste um Chosaint Shóisialta na hathbhreithnithe tíre maidir le CCS an 13 Bealtaine 2025.

3. Cuirtear anailís ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht Fostaíochta ar phríomhtháscairí mhargadh an tsaothair trí úsáid a bhaint as na sonraí bliantúla is déanaí de chuid Shuirbhé 2024 an Aontais ar an bhFórsa Saothair agus as tuarascálacha maidir leis an dul chun cinn i dtreo spriocanna 2030, agus úsáid á baint as na cuir chuige mhodheolaíocha a d'fhormhuinigh Grúpa Táscairí EMCO in 2022 agus 2024, faoi seach. Thairis sin, soláthraítear sa tuarascáil anailís théamach agus achoimre ar na príomhdhúshláin fostaíochta agus ar thorthaí maithe i margadh an tsaothair ar fud an Aontais agus do gach Ballstát, rud a rannchuidíonn le príomhthosaíochtaí an Aontais a shainaithint do na blianta atá le teacht. Ina theannta sin, sainaithnítear freisin 'treochtaí le faire' agus 'treochtaí dearfacha nua' atá i gcoiteann ag roinnt Ballstát, rud a chuireann béim níos láidre ar ghné chothrománach na n-athruithe ar fud na mBallstát.

4. Lean margadh saothair an Aontais de bheith athléimneach fós in 2024. D'ainneoin fás measartha OTI, chruthaigh geilleagar an Aontais 1.73 milliún post in 2024 i gcomparáid le 2023, rud a léiríonn leathnú leanúnach na fostaíochta. Mhéadaigh ráta fostaíochta an Aontais (i gcás daoine idir 20 bliain agus 64 bliana d'aois) go 75.8 % in 2024 ó 75.3 % in 2023. Is é sin an ráta is airde a taifeadadh ó thús na hamshraithe in 2009 agus fágann sin gur 4 bliana as a chéile a d'fhás sé tar éis dó titim go 71.7 % in 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19.

5. Ag féachaint ar mhiondealuithe aoise, d'fhan ráta fostaíochta an Aontais cobhsaí in 2024 ag 66.0 % i gcás daoine óga idir 20 bliain agus 29 mbliana d'aois, agus tháinig méadú beag 0.4 pointe céatadáin go 83.4 % ar an ráta ina gcás siúd atá idir 30 bliain agus 54 bliana d'aois. An tráth céanna, lean an ráta fostaíochta i gcás oibrithe scothaosta (55-64) dá threocht fhadtéarmach aníos, nuair a tháinig ardú 1.3 pointe céatadáin air in 2024 i gcomparáid le 2023 go 65.2 % ar ardú 22.0 pointe céatadáin é sin san iomlán ó bhí 2009 ann.

6. Maidir leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní san Aontas, a shainmhínítear mar an difríocht idir rátaí fostaíochta na bhfear agus na mban idir 20 bliain agus 64 bliana d'aois, tháinig laghdú beag uirthi dar méid 0.2 pointe céatadáin in 2024 i gcomparáid le 2023, agus shroich sí 10.0 pointe céatadáin. Mar sin féin, tá an bhearna fós ard, rud a léiríonn an gá atá le hiarrachtaí leanúnacha beartais a dhéanamh ionas go n-éireoidh leis an Aontas an bhearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú faoina leath ar a laghad i gcomparáid le 2019 agus a phríomhsprioc ráta fostaíochta 78 % a bhaint amach faoi 2030.

7. Lean ráta rannpháirtíochta an lucht saothair (i.e. céatadán na ndaoine gníomhacha idir 20 bliain agus 64 bliana d'aois i ndáil leis an daonra iomlán inchomparáide) de bheith ag feabhsú in 2024 san Aontas, agus bhí an ráta is airde riamh de 80.4 % (+ 0.4 pointe céatadáin i gcomparáid le 2023).

8. Tháinig laghdú beag ar an ráta dífhostaíochta do dhaoine idir 15 bliana agus 74 bliana d'aois in 2024 san Aontas (0.2 pointe céatadáin) agus shroich sé íosleibhéal nua 5.9 %, arb é an ráta is ísle ó bhí 2009 ann. Thairis sin, tháinig laghdú breise ar ráta dífhostaíochta fadtéarmaí an Aontais (mar % den daonra gníomhach) in 2024 go 1.9 % ó 2.1 % in 2023 agus 2.4 % in 2022, agus tháinig laghdú freisin ar sciar na ndaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach as an dífhostaíocht iomlán (go 32.2 % in 2024 ó 35.0 % in 2023 agus 38.5 % in 2022). Cé go bhfuil laghdú ag teacht ar an dífhostaíocht fhadtéarmach, is fadhb sheanbhunaithe i roinnt Ballstát í i gcónaí a ghéaraíonn baol an mheatha scileanna, na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta.

9. Tháinig méadú beag, 0.2 pointe céatadáin, ar an ráta dífhostaíochta san Aontas i gcás daoine óga idir 15 bliana agus 29 mbliana d'aois in 2024 i gcomparáid le 2023 go 11.4 %, ráta atá fós i bhfad os cionn an ráta dífhostaíochta fhoriomláin, agus é ina dhúshlán mór i gcónaí. Lean líon na ndaoine idir 15 bliana agus 29 mbliana d'aois nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna de bheith ag laghdú in 2024 ar bhonn bliain ar bhliain; ach laghdú beag dar méid 0.2 pointe céatadáin a bhí i gceist go 11.0 %. De réir Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, ba cheart don Aontas a dhícheall a dhéanamh ráta NEETanna idir 15 bliana agus 29 mbliana d'aois a laghdú ó 12.6 % in 2019 go 9 % in 2030, agus sin a dhéanamh trína n-ionchais fostaíochta a fheabhsú, agus ar an mbealach sin rannchuidiú freisin leis an sprioc ráta fostaíochta 78 % a bhaint amach faoi 2030.

10. Léiríonn suirbhéanna go bhfuil moill le teacht ar an earcaíocht agus ar an bhfás pá. Tháinig laghdú beag ar Tháscaire Ionchas Fostaíochta an Choimisiúin Eorpaigh, ina ndéantar achoimre ar phleananna fostaíochta bainisteoirí, ó bhí an Fómhar seo caite ann. De réir Réamhaisnéis Eacnamaíoch Earrach 2025 ón gCoimisiún, meastar go dtiocfaidh laghdú ar an bhfás fostaíochta san Aontas ó ráta fáis bliantúil 0.8 % in 2024 (1.0 % sa limistéar euro) go 0.5 % i mbliana agus an chéad bhliain eile, san Aontas agus sa limistéar euro araon. Meastar go gcobhsóidh an ráta dífhostaíochta i mbliana agus go mbainfidh sé an íosleibhéal nua amach in 2026.

11. Maidir leis an bhfaireachán atá á dhéanamh ar an dul chun cinn chun príomhspriocanna an Aontais a bhaint amach, tá an tAontas fós ar an mbóthar ceart chun a phríomhsprioc ráta fostaíochta a chomhlíonadh faoi 2030, agus ag an am céanna, rinneadh roinnt dul chun cinn teoranta i dtreo na príomhsprice maidir leis an bhfoghlaim aosach.

12. De bharr dálaí fabhracha i margadh an tsaothair in 2024, tháinig an tAontas níos gaire dá sprioc do 2030 maidir leis an ráta fostaíochta, nuair a sroicheadh ráta a bhí díreach 2.2 pointe céatadáin faoi bhun an spriocluacha 78 %. Bunaithe ar na sonraí bliantúla atá le fáil i Suirbhé 2024 an Aontais ar an bhFórsa Saothair, sháraigh seacht mBallstát - rud nár éirigh ach le cúig Bhallstát a dhéanamh an bhliain roimhe sin - a spriocanna náisiúnta le haghaidh 2030 cheana féin (an tSlóvaic, Éire, an Ísiltír, an Eastóin, an Danmhairg, an tSeicia agus an Pholainn). Chomh maith leis sin, in 2024 bhain sé Bhallstát fás fostaíochta amach a bhí níos airde ná a meánráta bliantúil faoi seach roimh COVID (2013-19). Thairis sin, mar gheall ar an laghdú daonra réamh-mheasta, bheadh fás fostaíochta íosta bliantúil níos ísle de dhíth ar fhormhór na mBallstát ná mar a bhí acu sa tréimhse roimh an ngéarchéim chun a spriocanna náisiúnta a bhaint amach.

13. Chun tuiscint a fháil ar an gconair i dtreo spriocanna 2030, tá sé tábhachtach scrúdú a dhéanamh ar thorthaí ar fud grúpaí daonra éagsúla. Fágann sé sin gur féidir iad siúd a bhfuil feidhmíocht faoi bhun an mheáin acu a shainaithint, is é sin na cásanna ina bhféadfadh an tionchar is mó a bheith ag idirghabhálacha beartais. Léirítear san anailís sin go bhféadfaí a bheith ag súil le gnóthachain hipitéiseacha ach borradh a chur faoi rátaí fostaíochta grúpaí éagsúla, agus go bhféadfaí feabhas a dhéanamh go háirithe i measc daoine ar bheagán oiliúna (mná agus fir) i gcás líon suntasach Ballstát fad is a mhéadaíonn na Ballstáit na leibhéil scileanna. Tá deis mhór ann freisin feabhas a chur ar ráta fostaíochta na n-oibrithe scothaosta (55-64), na ndaoine óga (20-29) agus na náisiúnach tríú tír (20-64) i roinnt Ballstát[3]. Dá ndéanfaí comhtháthú rathúil na ngrúpaí atá faoi ghannionadaíocht faoi láthair i margadh an tsaothair a chothú, d'fhéadfaí tionchar an athraithe dhéimeagrafaigh ar an soláthar saothair a chúiteamh.

[3] Is athróg ionadach ar acmhainn gach Ballstáit agus gach foghrúpa í an difríocht idir an ráta sonrach fostaíochta agus meánráta fostaíochta comhfhreagrach an Aontais (nó meán na dtrí ráta fostaíochta is airde san Aontas don ghrúpa daonra sin). Sloinntear an ráta fostaíochta náisiúnta freisin mar chéatadán den ráta tagartha.

14. Bunaithe ar na figiúirí is déanaí atá ar fáil ón Suirbhé ar an Oideachas Aosach, d'ardaigh ráta rannpháirtíochta an Aontais san fhoghlaim aosach (gan oiliúint threoraithe ar an láthair oibre a áireamh) le 12 mhí anuas go 39.5 % in 2022 ó 37.4 % in 2016[4]. Is gá tuilleadh dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun sprioc scileanna 2030 a shroicheadh, i gcomhréir leis an uaillmhian is gá, chun go mbeidh an Eoraip fós iomaíoch, nuálach agus ionchuimsitheach, agus rathúil i gcomhthéacs na n-aistrithe móra atá amach romhainn. Ar an iomlán, tá gá fós le méadú 20.5 pc faoi 2030 chun príomhsprioc 60 % an Aontais a bhaint amach. Chuige sin, ní mór aghaidh a thabhairt ar dhúshláin struchtúracha, *inter alia*, i réimsí amhail Beartais Ghníomhacha maidir leis an Margadh Saothair (BGMSanna), oideachas agus oiliúint, scileanna agus foghlaim ar feadh an tsaoil.

15. Tá éagsúlacht shuntasach ar an rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach ó ghrúpa go grúpa; bíonn rannpháirtíocht níos ísle i gcás daoine ar bheagán oiliúna, daoine scothaosta agus daoine atá lasmuigh de mhargadh an tsaothair - rud a chuireann i dtábhacht an gá atá le rochtain níos cuimsithí ar dheiseanna foghlama a chothú chun scileanna lucht saothair an Aontais a choinneáil cothrom le dáta. Ghlac 58.9 % de dhaoine fásta ardoilte páirt san fhoghlaim in 2022 ach ní dhearna ach 18.4 % díobh siúd ar bheagán oiliúna amhlaidh. Thairis sin, ghlac 49.5 % de dhaoine óga (25-34) páirt san fhoghlaim i gcomparáid le 29.9 % san aoisghrúpa 55-64. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach raibh ach 26.8 % de dhaoine dífhostaithe agus 23.7 % de dhaoine lasmuigh den lucht saothair rannpháirteach san fhoghlaim in 2022 i gcomparáid le 44.7 % de na daoine fostaithe.

16. Maidir le tosaíochtaí téamacha do na Ballstáit, is léir ó Mhonatóir 2025 ar Fheidhmíocht na Fostaíochta gur ann do roinnt príomhdhúshláin fostaíochta, agus is gá tuilleadh faireacháin a dhéanamh sna blianta amach romhainn. Sainaithnítear dúshláin i réimse na rannpháirtíochta i margadh an tsaothair, go háirithe i gcás grúpaí sonracha, mar shampla náisiúnaigh tríú tír, daoine óga, daoine scothaosta agus daoine ar bheagán oiliúna. I réimse an tsoláthair scileanna agus na foghlama ar feadh an tsaoil, baineann dúshláin go príomha le neamhréir scileanna, ganntanais scileanna agus saothair, laigí maidir le gnóthachtáil oideachais an daonra, rátaí ísle rannpháirtíochta san fhoghlaim agus easpa straitéise comhtháite foghlama ar feadh an tsaoil. Maidir leis na córais oideachais agus oiliúna, is iad na príomhdhúshláin spleáchas na dtorthaí oideachais ar chúlra socheacnamaíoch agus imirceach an duine, soláthar neamhleor deiseanna oideachais agus oiliúna chun freastal ar riachtanais mhargadh an tsaothair agus minicíocht ard luathfhágála an oideachais agus na hoiliúna.

[4] Maidir le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo phríomhspriocanna 2030 agus spriocanna náisiúnta don fhoghlaim aosach, chomhaontaigh an Grúpa Táscairí leanúint d'úsáid a bhaint as an suirbhé ar an oideachas aosach (gan 'oiliúint threoraithe ar an láthair oibre') mar fhoinse sonraí chun rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas a thomhas agus chun an t-aistriú chuig na sonraí ón Shuirbhé ar an bhFórsa Saothair in 2025 a mheas, tar éis measúnú breise a dhéanamh ar dhifríochtaí idir na sonraí ón Suirbhé ar an Oideachas Aosach agus na sonraí ón Suirbhé ar an bhFórsa Saothair.

17. I roinnt tíortha, tá dúshláin a bhaineann le feidhmiú na sochar dífhostaíochta agus/nó tionchar na gcóras cánach agus sochar ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair (e.g. sáinneacha an phá ísil, sáinneacha na dífhostaíochta, sáinneacha na neamhghníomhaíochta). Is fadhb í deighilt mhargadh an tsaothair i gcónaí i roinnt Ballstát freisin. Sainaithnítear dúshláin bhreise i réimse na BGMSanna, mar shampla feidhmiú na seirbhísí poiblí fostaíochta agus ráta ard na dífhostaíochta fadtéarmaí. Maidir le comhionannas inscne, is príomhábhar imní é gur ann fós do bhearnaí fostaíochta, chomh maith le bearnaí pá, idir na hinscní, agus maidir le cothromaíocht oibre is saoil, is saincheisteanna tábhachtacha iad soláthar agus glacadh cúraim.

18. Sainaithnítear san anailís freisin 'treochtaí dearfacha nua' agus 'treochtaí diúltacha le faire' san Aontas i gcoitinne. Go háirithe, cuireann an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta chun suntais roinnt forbairtí dearfacha don tréimhse ó 2023 go dtí 2024, mar shampla méadú ar ráta fostaíochta na n-oibrithe scothaosta in 17 mBallstát, agus méadú ar sciar na ndaoine fásta a bhfuil meánoideachas nó ardoideachas orthu agus a bhfuil oideachas treasach nó a choibhéis (idir 30 bliain agus 34 bliana d'aois) críochnaithe acu, agus an dá rud sin tugtha faoi deara in 15 Bhallstát. Thairis sin, tá méadú tagtha ar an ráta fostaíochta (idir 20 bliain agus 64 bliana d'aois) agus ar an bhfostaíocht iomlán, agus laghdú ar an mbearna fostaíochta idir na hinscní i 13 Bhallstát. Shainaithin an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta roinnt treochtaí diúltacha don tréimhse ó 2023 go 2024 freisin, meath (i.e. méadú) ar an gcostas aonaid saothair ainmniúil[5] i 23 Bhallstát chomh maith le laghdú ar líon na ndaoine nuafhostaithe in 14 Bhallstát.

19. Léirítear leis an obair faireachais iltaobhaigh a rinne EMCO le déanaí go bhfuil athchóirithe déanta ag na Ballstáit sna réimsí beartais a shainaithin an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta mar thosaíochtaí. Mar sin féin, tá dúshláin shuntasacha fós ann, mar a léirítear freisin i Moltaí Tírshonracha 2025, a bhí níos cuimsithí ná mar a bhí sna blianta roimhe sin, rud a léiríonn aistriú ón gcur chuige 'sprionlaithe' a tugadh isteach in 2022.

---

[5] Tugadh isteach an táscaire 'costas aonad saothair ainmniúil' sa chomhchreat measúnúcháin i gcomhthéacs eacnamaíoch inarb í an laghdú ar iomaíochas costais an Aontais agus na mBallstát an príomhábhar imní. Le blianta beaga anuas, áfach, cuireadh tosca eile san áireamh freisin, mar shampla ról agus tionchar pá leordhóthanaigh ar shásamh post, forbairt scileanna, táirgiúlacht agus fás eacnamaíoch.

20. Tá BGMSanna atá éifeachtach ríthábhachtach i gcónaí, go háirithe i gcomhthéacs ganntanas ard saothair agus scileanna agus i gcomhthéacs an ghá atá ann aghaidh a thabhairt ar an dífhostaíocht fhadtéarmach. Tá bearta á dtabhairt isteach chun lánpháirtiú NEETanna agus daoine faoi mhíchumas i margadh an tsaothair a neartú, lena n-áirítear trí chur chun feidhme leanúnach na Ráthaíochta treisithe don Aos Óg, agus trí dhreasachtaí agus feachtais faisnéise d'fhostóirí. Cé go bhfuil na Ballstáit ag géarú ar na hiarrachtaí chun díriú níos fearr ar a BGMSanna, lena n-áirítear trí fhóirdheontais fostaíochta, agus trí acmhainneacht agus soláthar seirbhíse na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta a neartú, d'fhéadfaí tuilleadh feabhais a chur ar chúrsaí i gcónaí. Tugtar difríochtaí inscne faoi deara freisin, agus is lú seans go nglacfaidh mná páirt i mbearta gníomhachtúcháin. Dá bhrí sin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun cumhdach na BGMSanna a leathnú - go háirithe i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus impleachtaí an athraithe dhéimeagrafaigh ar mhargadh an tsaothair.

21. Tá gníomhaíochtaí á ndéanamh ag na Ballstáit chun scileanna agus inniúlachtaí a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha i réimse an oideachais agus na hoiliúna. Tá athchóirithe móra seolta ag roinnt Ballstát, lena n-áirítear nuachóiriú curaclam agus gairm na múinteoireachta a neartú, ach níl a dtionchar le feiceáil go fóill. Cuirtear bearta chun feidhme freisin chun infhaighteacht clár uas-scilithe agus athscilithe a leathnú a thuilleadh, feabhas a chur ar thacaíocht spriocdhírithe do chuardaitheoirí poist agus curaclaim ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a chur in oiriúint do riachtanais mhargadh an tsaothair. Mar sin féin, i mórán cásanna, is gá géarú ar na hiarrachtaí sin, agus dlús a chur le beartais chun soghluaisteacht an lucht saothair a chothú, náisiúnaigh oilte tríú tír a mhealladh i gcomhlántacht le daoine tréitheacha an Aontais, dul i ngleic leis an meath ar scileanna bunúsacha agus digiteacha agus, i gcás inarb ábhartha, aghaidh a thabhairt ar an nganntanas múinteoirí.

22. Feictear tiomantas leathan chun aghaidh a thabhairt ar thosca institiúideacha, lena n-áirítear cánachas agus reachtaíocht maidir le cánachas agus cosaint fostaíochta, a chuireann leis an deighilt i margadh an tsaothair go minic agus a spreagann aistrithe i dtreo conarthaí neamhiata. Tá bearta á gcur chun feidhme freisin chun cineálacha nua oibre, mar shampla obair hibrideach agus cianobair, a chomhtháthú sa reachtaíocht. D'fhéadfaí feabhas mór a chur ar chúrsaí fós i roinnt mhaith Ballstát maidir le cánachas a aistriú ón saothar i dtreo boinn chánach eile agus athbhreithniú a dhéanamh ar cheapadh na gcóras sochair cánach chun rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a mhéadú agus chun uaireanta oibre níos faide a dhreasú. Ní mór feabhas a chur fós ar cheapadh na gcóras cánach agus sochar i roinnt mhaith tíortha de chuid an Aontais, áit a bhfuil dídhreasachtaí suntasacha chun oibre fós ann i gcás daoine neamhghníomhacha, na ndaoine dífhostaithe, daoine ar phá íseal agus an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh. Tá an drochcheapadh sin ar cheann de na tosca atá taobh thiar d'éagothromaíochtaí inscne i margadh an tsaothair, rud a imríonn tionchar mór ar roghanna oibre laistigh de theaghlaigh, go háirithe roghanna an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh.

23. Is uirlis chomhordúcháin éifeachtach i gcónaí é an Seimeastar Eorpach chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cuimsitheach, iomaíochas, fostaíocht agus cosaint shóisialta leordhóthanach agus cuimsiú sóisialta a chothú. Tá sé tábhachtach a thuiscint freisin gurbh é timthriall 2025 an chéad bhliain de chur chun feidhme chreat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais, creat ina n-aithnítear mar cheann de thosaíochtaí coiteanna an Aontais an athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta. I bhfianaise na rioscaí ar an taobh thíos a sainaithníodh i Réamhaisnéis Eacnamaíoch Earrach 2025 ón gCoimisiún, ba cheart do thimthriall Sheimeastar Eorpach 2026 leanúint de bheith ag díriú ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá i margadh an tsaothair i láthair na huaire agus ar na dúshláin atá ag teacht chun cinn chomh maith. Ba cheart dó tacú freisin leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus freagairt ar impleachtaí an athraithe dhéimeagrafaigh do mhargadh an tsaothair agus rannchuidiú leis an sprioc uileghabhálach iomaíochas an Aontais a neartú.

24. Tá an Coiste Fostaíochta ag tnúth leis an tionscnamh atá le teacht le haghaidh Treochlár um Poist ar Ardchaighdeán agus iarrann sé ar an gCoimisiún a thuairim maidir le gnéithe de cháilíocht na bpost a chur san áireamh, tuairim a cuireadh faoi bhráid Chomhairle EPSCO i mí an Mheithimh 2025, agus an Treochlár maidir le Poist Ardchaighdeáin agus Plean Gníomhaíochta nua Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta araon á n-ullmhú. Tá an creat faireacháin cáilíochta poist atá ann cheana á thabhairt cothrom le dáta ag Grúpa Táscairí EMCO faoi láthair, agus é mar aidhm aige na táscairí is iomchuí a shainaithint chun measúnú a dhéanamh ar na gnéithe beartais ábhartha faoin gcéad ráithe de 2026. I gcomhréir leis an gcreat sin, ba cheart faireachán níos córasaí ar cháilíocht poist a chomhtháthú sa chéad timthriall eile den Seimeastar Eorpach.